CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 252/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/781]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/732 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 667/2014 ón gCoimisiún i dtaca le hinneachar an chomhaid atá le cur faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí ag an oifigeach imscrúdúcháin, leis an gceart éisteacht a fháil maidir le cinntí eatramhacha, agus le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a thaisceadh ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Pointe 31bco (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 667/2014 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar é mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach:

   ", arna leasú le:

   — **32021 R 0732**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/732 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2021 (IO L 158, 6.5.2021, lch. 8).'

2. Athuimhrítear oiriúnuithe (d) go (g) mar oiriúnuithe (e) go (h).

3. Cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (c):

   "(d) In Airteagal 3a, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

   (i) i mír 1, sa chéad fhomhír de mhír 4 agus sa tríú fomhír de mhír 5, cuirfear na focail 'Údarás Faireacháin CSTE' isteach in ionad 'ESMA';

   (ii) i mír 2, cuirfear na focail 'agus Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'ESMA';

   (iii) i mír 3, cuirfear na focail 'cuirfidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoin méid sin. Cinnfidh Údarás Faireacháin CSTE, gan moill mhíchuí,' isteach in ionad na bhfocal 'cinnfidh sé' agus, i mír 5, cuirfear na focail 'cuirfidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoin méid sin. Glacfaidh Údarás Faireacháin CSTE, gan moill mhíchuí,' isteach in ionad na bhfocal 'glacfaidh sé';

   (iv) sa chéad abairt den dara fomhír de mhír 4, sa chéad fhomhír agus sa dara habairt den dara fomhír de mhír 5, cuirfear na focail 'Údarás Faireacháin CSTE' in ionad an fhocail 'ESMA';

   (v) sa tríú agus sa cheathrú fomhír de mhír 4, cuirfear na focail 'nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'ESMA'."

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/732 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 158, 6.5.2021, lch. 8.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 50/2021 ó Chomhchoiste LEE an 5 Feabhra 2021 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.